

Tuarascáil Feidhmíochta



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

NEAMHSPLÉACH. OIBIAHTÚIL. CUIDITHEACH. TIOMANTA DON SÁRMHAITHEAS.

2025

2024

2023

2022

2021

2020



Clár Ábhar

2023 Na Príomh- Bhuaicphointí

Na Príomh-Bhuaicphointí. iii

Brollach

Teachtaireacht ó Seamus McCarthy. v
Teachtaireacht ó Colette Drinan. vi

Réamhrá

Comóradh Céad. 3
Cuspóirí Straitéiseacha. 5

Príomhshonraí


An Méid a Chuirimid ar Fáil. 7
An Tionchar a Bhíonn Againn. 9
Feidhmíocht Airgeadais. 11
Acmhainní a Chur ar Fáil. 12
Acmhainneacht a Fhorbairt. 13

Faisnéis Bhreise agus Príomhthreochtaí

Líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích. 17
Tráthúlacht an deimhnithe. 19
Scrúduithe. 22
Cáilíocht a chinntiú. 23
Tionchar ár saothair a thomhas. 25
Suirbhé aiseolais na gcomhlachtaí ar a ndearnadh. 29
Léargais iniúchóireachta. 31
Feidhmíocht airgeadais. 33
Ár bhfoireann. 35
Ár n-ionchur idirnáisiúnta. 37
Áit oibre den scoth. 43
Cothromaíocht inscne. 47
Acmhainneacht a fhorbairt. 53
Comhionannas, éagsúlacht & cuimsiú. 59
Freagracht chorporáideach agus rannpháirtíocht. 63


2023 Na Príomh-Bhuaicphointí

Cuntais Deimhnithe:
An Sprioc 9 Mí bainte amach



Deimhníodh **97%** de na cuntais a bhí le hiniúchadh in 2023, nuair a tomhaiseadh iad de réir luacha, laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais (sprioc **95%**)

Scrúduithe:
100 % den sprioc bainte amach




Cuireadh **26** scrúdú i gcrích maidir le gnéithe de sholáthar seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí (sprioc **25**)

Eisiúint chreidmheasa:
Tráthúlacht

100%

Freagraíodh 100% de na hiarrataí ón Aire Airgeadais maidir le soláthar agus creidmheasanna ráithiúla chun cistí a eisiúint ó Lárchiste an Stáitchiste sular thosaigh an tréimhse chreidmheasa

Moltaí:
Ráta glactha



Rinneadh 41 moladh a bhí dírithe ar dhea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú, agus ghlac an comhlacht ar a ndearnadh iniúchadh le 100% de na moltaí sin

Tuairim iniúchóireachta:
Tuairim iniúchóireachta shoiléir



Eisíodh tuairim iniúchóireachta shoiléir maidir le 96% de na ráitis airgeadais a deimhníodh in 2023

Brollach



SEAMUS McCARTHY
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ba é an 12 Eanáir 2023 comóradh 100 bliain ó bunaíodh go foirmiúil Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Thug an cothrom lae deis dúinn féachaint siar ar bhunú agus forbairt na hOifige, a mbíonn príomhról aici, agus í ag tacú leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, i bpróiseas na cuntasachta daonlathaí agus i dtuairisciú ar chistí poiblí in Éirinn agus ina n-úsáid.

Tá an-áthas orm fáilte a chur roimh fhoilsiú na tuarascála feidhmíochta de chuid na hOifige le haghaidh 2023. Léirítear leis an tuarascáil seo gur lean lucht bainistíochta agus baill foirne na hOifige de Seirbhís iniúchóireachta éifeachtach agus ardchaighdeán a sholáthar do chomhlachtaí poiblí. Tá siad tar éis cultúr tacaíochta foireann-bhunaithe a chothú a bheidh in ann ár gcultúr a chothú sa todhchaí sa todhchaí, agus a chruthaigh áit iontach anseo le hoibriú inti.

Táim fíorbhuíoch d'fhoireann na hOifige as a dtacaíocht leanúnach agus a dtiomantas a chuireann ar mo chumas mo chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.



COLETTE DRINAN
Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta

Bhí tábhacht leanúnach ár ról ina théama lárnach a tháinig chun cinn ó imeachtaí an chomórtha céad bliain a reáchtáil an Oifig in 2023. Leanaimid de dhíriú ar sheirbhísí iniúchóireachta gairmiúla den scoth a sholáthar ar bhonn tráthúil, bunaithe ar eagraíocht inbhuanaithe, agus ar aon dul lenár gcroí-luachanna. Bhí 2023 ina lárphointe inár straitéis cúig bliana – tá dul chun cinn maith á dhéanamh againn i dtreo ár spriocanna straitéiseacha. Is iad seo a leanas cuid de na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023:


- » 97% de chuntais 2022, arna dtomhas de réir mhéid an chuntais, deimhnithe laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais;
- » Cuireadh 26 tuarascáil iniúchóireachta ar fheidhmíocht i gcrích inar pléadh le gnéithe de sheirbhís phoiblí a sholáthar agus acmhainní poiblí a úsáid;
- » Foilsíodh stair na hOifige 1923-2023, a bhí ar an gcéad uair a rinneadh taighde den sórt sin ar an Oifig;
- » Chríochnaíomar ár gcéad bhliain mar chathaoirleach ar fhochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta INTOSAI, lenar áiríodh a chruinniú bliantúil a óstáil
- » D'aithin Great Place to Work® muid mar cheann de na hÁiteanna Oibre is Fearr in Éirinn le haghaidh gnóthaí meánmhéide;
- » D'aithin Great Place to Work® muid mar cheann de na hÁiteanna Oibre is Fearr do Mhná in Éirinn;
- » Leathnú leanúnach ar an úsáid a bhainimid as anailísíocht sonraí agus teicneolaíochtaí nua eile chun ár n-éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú;
- » Leanamar de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lenár spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach.

Léiríonn feidhmíocht na hOifige tiomantas, gairmiúlacht agus nuálaíocht leanúnach ár bhfoirne – go raibh maith agaibh as bhur gcúnamh le bliain anuas.

I. An Réamhrá

Léirítear faisnéis feidhmíochta thábhachtach d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste sa tuarascáil seo. Tarraingítear aird ann freisin ar chomóradh céad bliain na hOifige. Léirítear sa tuarascáil an fheidhmíocht in 2023 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, faoi **sé théama** agus meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla á n-úsáid.

Is iad seo a leanas na téamaí sin:



Comóradh Céad Bliain na hOifige 1923 go 2023



Bhí an-áthas orainn comóradh céad bliain na hOifige a cheiliúradh in 2023. Reáchtáil an Oifig clár gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana chun an ócáid shuntasach sin a chomóradh.

Leabhrán an chomórtha céad bliain

Scríobh an Dr Marie Léoutre leabhrán ar stair Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lenar comóradh 100 bliain ó bunaíodh an Oifig agus rinne sí an taighde ina leith. Bhí imeacht ar siúl in Acadamh Ríoga na hÉireann chun seoladh an leabhráin a cheiliúradh. Bhí roinnt aoí-chainteoirí ann ar an lá, lena n-áirítear an tAire Airgeadais, Michael McGrath, Cathaoirleach Choiste na gCuntas Poiblí, an tUasal Brian Stanley T.D., an tOllamh Colin Scott (COBÁC) agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tUasal Seamus McCarthy.



Seimineár Gréasáin na Cartlainne Náisiúnta

Bhí seimineár gréasáin, arna óstáil ag an gCartlann Náisiúnta, ar siúl an 28 Samhain 2023. Thug an Dr. Marie Léoutre léacht dar teideal "The Office of the Comptroller and Auditor General at 100" inar phléigh sí cruthú na hOifige, an obair a rinneadh chun an Stát a chobhsú tar éis an Chogaidh Chathartha agus nua-chóiriú na hOifige. Tá an seimineár gréasáin le fáil ag an gCartlann Náisiúnta anseo

Iris chomórtha IPA

Rinne an Foras Riaracháin ceann dá irisí Riaracháin ráithiúla a thiomnú do chuimhneachán céad bliain na hOifige a chomóradh. Tá sleachta san iris leis an Dr Kevin De Barra, an tOllamh Colin Scott, an tOllamh Muiris MacCarthaigh, Catherine Lynch (Seirbhís Thithe an Oireachtais) agus an Dr Marie Léoutre. Is féidir nasc leis an bhfoilseachán a fháil anseo.

Comhdháil Bhliantúil

Cuireadh tús leis an gcomóradh céad bliain le Comhdháil Bhliantúil na hOifige i mí Eanáir. Bhí an comóradh céad bliain mar théama na comhdhála, inar díriodh ar stair na hOifige agus ar a héachtaí suntasacha. Mar chuid den chlár, rinne an Dr Marie Léoutre (RIA), an tOllamh Muiris MacCarthaigh (Ollscoil na Banríona) agus an tOllamh Colin Scott (COBÁC) cur i láthair a bhain leis an gcomóradh céad bliain. Bhí díospóireacht phainéil ar siúl idir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá ann faoi láthair agus beirt dá réamhtheachtaithe, John Purcell agus John Buckley.



Coiste Comórtha

Bhunaigh an Oifig Coiste Comórtha, chun gníomhaíochtaí comórtha inmheánacha na hOifige a eagrú. Ar an gCoiste sin bhí Avril Butler, John Crean, Mairéad Leyden, Manon Nouvian, Paula O'Connor, Shane O'Connor, Deirdre Quaid agus Leigh Walsh. Bhí siad páirteach i ndearadh lógó an chomórtha céad bliain, i dtráth na gceist a eagrú don chomóradh, agus léirigh siad aistear fíor-spéisiúil trí chartlanna nuachtán.


Cuspóirí Straitéiseacha

Is í seo an tríú bliain de chur chun feidhme Ráiteas Straitéise 2021-2025. Tá trí phríomhthosaíocht agus roinnt bunstraitéisí san áireamh sa straitéis sin. Gheall an Oifig sa straitéis go ndéanfadh sí tuairisciú bliantúil ar a dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme.

Gníomhaíochtaí a Cuireadh Chun Feidhme nó a bhfuil Coinne Lena gCur Chun Feidhme mar a Beartaíodh


Ardchaighdeán a sholáthar...

Seirbhísí iniúchóireachta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar ar bhonn tráthúil agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta;




Difríocht a dhéanamh....

Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchóireacht, don Oireachtas agus don phobal agus;




An Oifig a Threisiú....

An Oifig a threisiú lena bheith ina heagraíocht eiseamláire san earnáil phoiblí agus ina rogha fostóra do dhaoine ar mian leo dul i mbun gairme i réimse na hiniúchóireachta agus ar mian leo difríocht a dhéanamh ó thaobh seirbhísí poiblí a sholáthar.



An méid a chuirimid ar fáil

97%



Sprioc


Toradh

Cuntais Deimhnithe

Deimhníodh 97% de na cuntais a bhí le hiniúchadh in 2023, arna dtomhas de réir luacha, laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais, (sprioc 95%)

7

285




Sprioc

Toradh

Iniúchtaí Curtha i gCrích

285 iniúchadh ar ráitis airgeadais curtha i gcrích (sprioc 285)

26



Sprioc

Toradh

Scrúduithe

Cuireadh 26 scrúdú i gcrích maidir le gnéithe de sholáthar seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí (sprioc 25)

100%




100%

Iarrataí ar Chreidmheas

Freagraíodh 100% de na hiarrataí ón Aire Airgeadais maidir le soláthar agus creidmheasanna ráithiúla chun cistí a eisiúint ó Lárchiste an Státhchiste sular thosaigh an tréimhse chreidmheasa

37



37 cruinniú

Coiste na gCuntas Poiblí

D'fhreastalaíomar ar na 37 cruinniú uile de chuid Choiste na gCuntas Poiblí

8

An tionchar a bhíonn

96%




96%

Tuairim iniúchóireachta

Eisíodh tuairim iniúchóireachta shoiléir in 96% de na ráitis airgeadais a deimhníodh in 2023.

3




ábhair

Ábhair thábhachtacha

Tarraingíodh aird ar 3 ábhar thábhachtacha maidir le cuntais comhlachtaí poiblí a thuiscint

85




ábhair eile

Ábhair eile

Tarraingíodh aird ar 85 ábhar eile a measadh a bheith tábhachtach d'úsáideoirí na gcuntas


1040



Comhfhreagras tar éis

Cuireadh 1040 ábhar nach mór aird a thabhairt orthu in iúl do lucht bainistíochta na gcomhlachtaí iniúchta i gcomhfhreagras tar éis an iniúchta

41




Glacadh go

Moltaí

Rinneadh 41 moladh a bhí dírithe ar dhea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú, agus ghlac an comhlacht ar a ndearnadh iniúchadh le 100% de na moltaí sin

Uile




100%

Cáilíocht

Rinneadh na hiniúchtaí airgeadais agus na scrúduithe uile i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta

Ár bhFeidhmíocht



Costas an Chláir

Cuireadh clár iniúcháireachta agus scrúduithe ar fáil ar chostas iomlán €16.6 milliún (2022: €15.9 milliún)


Táillí Iniúcháireachta

Bailíodh €7.3 milliún i dtáillí iniúcháireachta i gcomhréir le cur chuige um ghnóthú páirteach costas (2022: €7.3 milliún)

Daoine

Fostaíodh 184 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) ar an meán lenar bhain costas tuarastail €13.6 milliún (2022: 182 coibhéis lánaimseartha (CL), costas €12.7 milliún)

Acmhainní a Chur ar Fáil



Iniúcháirí Cáilithe

Bhí 66% de na baill foirne a sannadh d'iniúcháireacht airgeadais ina gcuntasóirí cáilithe agus bhí an chuid eile cáilithe i bpáirt (tá na bainisteoirí go léir a sannadh d'iniúchtaí airgeadais ina gcuntasóirí cáilithe)


Neamhláithreacht

Ba é 3% an meánráta neamhláithreachta breoiteachta i measc na mball foirne

Cóimheas Inscne

Ba é 53:47 an chothromaíocht inscne idir fostaithe baineanna agus fireanna. Ba é 59:41 an cóimheas ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta.

Acmhainneacht a fhorbairt




Oiliúint

Sannadh breis agus 17,000 uair an chloig do chúrsaí oiliúna, staidéir ghairmiúla agus oiliúint do chéimithe, arbh ionann é agus 5% den am a bhí ar fáil

Céimithe

Caitheadh €314,000 chun tacú le staidéir iarchéime agus staidéir ghairmiúla, oiliúint forbartha leanúnach agus táillí ballraíochta gairmiúla



Forbairt Ghairmiúil

Bhí 66 ball foirne i mbun cuntasáíochta gairmiúla nó staidéir iarchéime

Scrúduithe

Rinne 8 ball foirne a scrúduithe deiridh agus cháiligh siad mar chuntasóirí gairmiúla

III. Faisnéis Bhreise & Príomhthreochtaí


Soláthraítear faisnéis sna codanna seo a leanas maidir le seachadadh, bearta tionchair agus feidhmíocht airgeadais.

Cuntais atá faoi réir iniúchta

Socraítear leis an dlí na cuntais nach mór don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh orthu. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. Léirítear sa léaráid líon na gcuntas a bhí faoi réir iniúchta in 2023, a bheidh le cur i gcrích sa bhliain ina dhiaidh sin. Tá faisnéis faoi iniúchtaí nua agus iniúchtaí ar cuireadh deireadh leo le fáil ar ár suíomh gréasáin.

An Clár a chur ar fáil


Tá iniúchadh ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí agus cur i láthair na ráiteas airgeadais sin don Oireachtas ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach i bhfeidhm maidir le cistí poiblí a úsáid.



* Lena n-áirítear focuhideachtaí

An líon iniúchtaí a cuireadh i gcrích

Léiríonn an léaráid an líon iniúchtaí a cuireadh i gcrích gach bliain. I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais i gcomhréir le hAcht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile, is é an comhlacht nó roinn rialtais ábhartha a bheidh freagrach as na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Oireachtais nó as na cuntais a fhoilsiú.



Tráthúlacht an deimhnithe

Cuntais deimhnithe


Tomhaistear príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige i ndáil le tráthúlacht na hiniúcháireachta trí thagairt a dhéanamh do luach an láimhdeachais, agus don líon cuntas atá i gceist.

Is é deireadh an naoú míosa tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais an príomhdhátá tagartha don Oifig. Le blianta beaga anuas, leagadh síos sprioc 95% de réir luacha agus 70% de réir lín maidir le comhlíonadh iniúchtaí.


Chun tráthúlacht na hiniúcháireachta ina hiomláine a fheabhsú, tugadh tosaíocht do chuntais ardluacha a dheimhniú níos luaithe.

- 6 mhí
- 9 mí
- sprioc 9 mí

Iniúchtaí deimhnithe - de réir luacha




Iniúchtaí deimhnithe - de réir lín




Cuntais neamhdheimhnithe

Léirítear an líon iniúchtaí atá fós le comhlíonadh ag deireadh gach bliana (cuntais neamhdheimhnithe) sa léaráid ar dheis. Tháinig méadú beag ar líon na gcuntas neamhdheimhnithe ag deireadh 2021 mar gheall ar an bpaindéim, i gcomparáid leis na blianta roimhe. Ag deireadh 2023, tá 10 n-iniúchadh le haghaidh tréimhsí airgeadais dar críoch in 2022 fós le deimhniú ag deireadh na bliana.

Cuntais neamhdheimhnithe ag deireadh na bliana






Léiríonn an léaráid thuas próifíl dhrénachtchuntais 2022 a cuireadh isteach lena n-íniúchadh in 2023 i gcomparáid le próifíl na gcuntas sin a deimhníodh in 2023.

Ní mór do chomhlachtaí san earnáil phoiblí drénachtchuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta dhá mhí nó trí mhí tar éis dheireadh a dtréimhse cuntasáiochta. Faightear tromlach na ndrénachtchuntas faoin 31 Márta gach bliain dá thoradh sin. Chun éifeachtúlacht a cuid acmhainní a uasmhéadú, scaipeann an Oifig na hiniúchtaí i gcaitheamh na bliana. Tugtar tosaíocht do chuntais ardluacha. Mar gheall air sin, bíonn buaicphointí ó thaobh deimhnithe de ag an bpointe sé mhíosa agus ag an bpointe naoi míosa, tráth nach mór na vótaí uile a dheimhniú agus a chur faoi bhráid an Oireachtais. Cuirtear na hiniúchtaí atá fágtha i gcrích faoi dheireadh na bliana, ach amháin i líon beag cásanna.

Scrúduithe

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste scrúduithe agus ansin tuairiscíonn sé do Dháil Éireann maidir le hábhair a bhaineann le hacmhainní poiblí a bhainistiú agus a úsáid. Bíonn tuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina mbonn do chuid mhór d'obair Choiste na gCuntas Poiblí.



Cáilíocht a Chinntiú

Tá cáilíocht ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal:

1

Cáilíocht a leabú inár gcultúr agus inár gcleachtais laethúla.

2

Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus gníomhú de réir na gceachtanna a foghlaimíodh.

Tá beartais agus próisis i bhfeidhm againn maidir le hearcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach, cóid chleachtais, agus athbhreithnithe oibríochta ar obair iniúchta airgeadais agus ar thuarascálacha sula bhfoilseofar iad.

Cuimsítear lenár gcóras rialaithe cáilíochta maidir le hiniúchtaí airgeadais bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear athbhreithnithe ar an méid seo a leanas:

- » iniúchtaí roghnaithe i gcaitheamh an iniúchta ag bainisteoir sinsearach neamhspleách ar an bhfoireann
- » na hiniúchtaí uile a dhéanann gnólachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh dheimhniú
- » sampla d'iniúchtaí tar éis dóibh a bheith deimhnithe ag athbhreithneoir seachtrach gach bliain.

Cuimsítear lenár gcóras rialaithe cáilíochta maidir le scrúduithe bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear:

- » athbhreithnithe ar scrúduithe roghnaithe i gcaitheamh an scrúdaithe ag bainisteoir sinsearach neamhspleách ar an bhfoireann roimh dheimhniú
- » athbhreithnithe tar éis tionscadail agus ceardlanna foirne bliantúla
- » athbhreithniú tréimhsiúil ar shampla de na tuarascálacha ag athbhreithneoir seachtrach.

Athbhreithniú bainistíochta agus nósanna imeachta

Próisis cháilíochta neamhspleácha roimh an iniúchadh/tuairisciú agus ina dhiaidh, le béim ar cheachtanna a foghlaim

Próiseas iniúcháireachta agus scrúdaithe lena n-áirítear fianaise doiciméadaithe

Creat caighdeán idirnáisiúnta, cóid eiticíúla agus treoirlínte inmheánacha

Baill foirne ghairmiúla a léiríonn breithiúnas stuama agus amhras i gcónaí

Tionchar ár gcuid Oibre a Thomhas

Torthaí iniúchtaí airgeadais

Tá dhá phríomhfhócas ag iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na ráitis airgeadais.

1. cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais,
2. rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart arna dtairfeadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachas na gcomhlachtaí poiblí, arna dtuairisciú ar bhonn 'eisceachtúil'.

Tuairim Iniúcháireachta Cháilithe

Fuair 12 shraith de ráitis airgeadais (4.4% de líon iomlán na gcuntas) a deimhníodh in 2023 tuairim cháilithe.*

14	1	15
Pinsin	Féichiúnaí deontais Stáit a aithint	lomlán

Béim a leagan ar ábhar

Fuair 3 shraith de ráitis airgeadais a deimhníodh in 2023 tuarascáil iniúcháireachta inar raibh ailt inar cuireadh béim ar ábhar

1	2	3
Pinsin	Gnóthas leantach	lomlán

Ábhair shuntasacha eile

Tugadh 85 ábhar suntasach eile faoi deara i dtuarascálacha iniúcháireachta


28	20	12	11	7
Soláthar	Tagairt Caibidle/ Tuarascála	Lag	Saincheisteanna	Cuibheas/ rialachas
4	3	85		
Luach	Cánachas/ fineálacha/ caillteanas	lomlán		

* Lena n-áirítear ráitis airgeadais a bhí cáilithe ar níos mó ná cúis amháin.

Tionchar na moltaí de bhun scrúduithe

Bíonn moltaí sonracha maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht níos fearr sna tuarascálacha, mar aon le freagraí ón gcomhlacht ar a ndearnadh iniúchadh.


Líon na moltaí a foilsíodh



Ábhair inní a cuireadh in iúl do lucht bainistíochta

Chomh maith le tuarascálacha foilsithe, baintear luach breise as iniúchadh le comhfhreagras tar éis iniúchta a bhíonn dírithe ar chuidiú le comhlachtaí a rialú inmheánach agus a mbainistíocht a fheabhsú trí thorthaí, moltaí, agus deiseanna feabhais a chur in iúl.

Na cineálacha saincheistanna a pléadh le comhlachtaí maidir leis na cuntais a deimhníodh in 2023



Léiríonn an chairt thuas na cineálacha saincheistanna a pléadh le comhlachtaí maidir leis na ráitis airgeadais a deimhníodh in 2023. Go ginearálta, baineann na hábhair dá dtagraítear sa chomhfhreagras le heasnamh i nósanna imeachta, agus mura dtabharfar aghaidh ar na heasnamh sin d'fhéadfadh na comhlachtaí a bheith i mbaol caillteanais, tuairisciú airgeadais míchruinn, neamhchomhlíonadh nósanna imeachta iomchuí nó noirm rialachais don tseirbhís phoiblí.

Suirbhé Aiseolais na gComhlachtaí ar a nDearnadh Iniúchadh 2022

Gach dara bliain, iarrtar ar chomhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh suirbhé aiseolais a chomhlánú.

Is iad seo torthaí an tsuirbhé is déanaí a cuireadh i gcrích in 2022.

‘Bainistím oifig próiseála airgeadais ardluacha agus cuirim fáilte mhór roimh iniúchadh seachtrach mar dhearbhu breise.’

‘Bhí an chumarsáid ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar fheabhas agus ina cuidiú chun an t-iniúchadh a dhéanamh ar bhealach éasca.’

An Méid a Dúirt Sibh

Tá sceidealú níos luaithe iniúchtaí, amlínte deimhnithe agus cumarsáid maidir le torthaí iniúchta á n-iarraidh ag na comhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh.

97%

Cuireann siad luach ‘ard’ nó ‘an-ard’ ar an obair iniúchta airgeadais a rinneadh

93%

de na freagróirí, dúirt siad go raibh siad an-sásta / sásta le soiléireacht agus cuimsitheacht thorthaí an iniúchta

91%

de na freagróirí, mheas siad go raibh ár dteagmháil le coistí iniúchóireachta an-úsáideach / úsáideach go ginearálta

99%

de na freagróirí, rinne siad cur síos ar an gcaidreamh oibre mar an-chuiditheach / cuiditheach

91%

Cuireann siad luach ‘ard’ nó ‘an-ard’ ar an obair tuairiscithe eile a rinneadh

Léargais Iniúcháireachta

Is é is cúis leis na léargais iniúcháireachta deiseanna foghlama do chomhlachtaí a aithint agus a chomhroinnt trí fhaisnéis a sholáthar maidir le saincheisteanna coiteanna athfhillteacha agus samplaí de dhea-chleachtas, arna n-aithint lenár n-iniúchadh airgeadais agus ár n-obair tuairiscithe.

Bhíomar

Mar chuid den aiseolas ó na comhlachtaí ar a ndearnadh iniúchadh, d'arramar go molfar topaicí

Bainistíocht riosca

Dearbhú/Rialú inmheánach

Saincheisteanna coiteanna

Soláthar

Dea-Rialachas

Aonad na Léargas Iniúcháireachta

Foilsíonn Aonad na Léargas Iniúcháireachta tuarascálacha lena gcuimsítear moltaí úsáideacha nó samplaí de dhea-chleachtas, a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, agus tacaíonn sé le himeachtaí dóibh siúd atá páirteach i riarachán poiblí ina gcuirtear léargais in iúl maidir le dea-chleachtas ó áiteanna ar fud na hearnála poiblí. Cumhdaítear topaicí sna himeachtaí ábhair amhair dea-chleachtas bainistíochta airgeadais agus rialachas.

Thacaigh siad leis an bhfóram rialachais chorparáidigh ardleibhéil in earnáil na talmhaíochta trí nuashonruithe a sholáthar faoi théamaí agus saincheisteanna a tháinig chun cinn i dtimpeallacht iniúcháireachta na hearnála poiblí.

Rinne siad cur i láthair do chathaoirligh coistí iniúcháireachta san earnáil phoiblí agus do cheannairí iniúcháireachta inmheánaí ag ócáid dearbhaithe bhliantúil ONSC, thug siad faisnéis ar chur chuige iniúchta seirbhísí comhroinnte na hOifige agus ar na próisis rialaithe a iarrann an Oifig agus claint ONSC á n-iniúchadh acu.

Ghlac siad páirt i gcrúinniú comhchéime bliantúil Chathaoirligh Coistí Iniúcháireachta agus Riosca arna óstáil ag Fóram Rialachais IPA ar an Déardaoin, an 25 Bealtaine, inar pléadh saincheisteanna coiteanna agus príomhthéamaí ó dhearcadh na hOifige.

Feidhmíocht Airgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais, éilítear ar gach roinn agus oifig cuntas a réiteach, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, lena dtuairiscítear an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthraíonn Dáil Éireann. Déanann gnólacht neamhspleách cuntasóirí arna cheapadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

Costais Airgeadais		2019 (€'000)	2020 (€'000)	2021 (€'000)	2022 (€'000)	2023 (€'000)	
Costais oibríochtúla iomlána	→	13,799	14,301	14,548	15,874	16,640	
Costais	→	10,871	11,759	12,105	13,077	13,629	Is ionann costais phárolla agus 82% de chostas bliantúil na hOifige. Cinneann an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe na rátaí
Speansais taistil	→	611	156	7	116	193	
Iniúchtaí ar conradh	→	1,088	824	1,067	1,069*	1,040	Déantar iniúchtaí airgeadais áirithe a sheachfhoinsíú
Costais eile	→	1,229	1,562	1,369	1,612*	1,778	
Ioncam: Táillí iniúchta a bailíodh	→	7,390	6,277	7,983	7,285	7,267	Gearrtar táillí iniúcháireachta i ndáil le hiniúchtaí airgeadais áirithe tar éis an cuntas a dheimhniú.
ASC (PRD)	→	374	339	339	380	467	
Glanchostras don Státchiste	→	6,035	7,685	6,226	8,209	8,906	

* Rinneadh costais áirithe le haghaidh 2022 a athchatagóiriú i dTuarascáil Feidhmíochta 2023.

Ár bhFoireann

Struchtúr Rialachais


Tá sé de chumhacht ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gnó na hOifige a rialú. Cuidíonn Bord Iniúcháireachta agus Bord Bainistíochta leis an fhreagracht sin a chomhlíonadh. Is é an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig.

Tá an Oifig eagraithe ina stiúrthóireachtaí a bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúcháireachta i gceannas orthu bunaithe ar chlár oibre iniúcháireachta agus tuairiscithe. Laistigh de gach stiúrthóireacht, sanntar punanna oibre do roinnt rannán bunaithe ar earnálacha a oibríonn laistigh den tseirbhís phoiblí.

Is croíghnéithe de shocruithe rialachais chorparáidigh iad an Bord Iniúcháireachta agus an Bord Bainistíochta, a chomhaontaíonn an raon gnéithe eile agus, trína ról scrúdain, a dhéanann maoirseacht ar bheartais, pleananna agus éifeachtúlacht na ngnéithe eile sin.

Cuireann Coiste Iniúcháireachta comhairle ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis na hábhair uile a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach agus féachann freisin le forbairt an dea-chleachtais, i dtaca le déanamh iniúchta inmheánaigh, bainistíocht riosca agus tuairisciú seachtrach, a chothú go ginearálta san Oifig. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire le linn 2023.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le creat rialachais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le fáil anseo <https://www.audit.gov.ie/ga/fúinn/>



Ár Rannchuidiú Idirnáisiúnta



Rannpháirtíocht i bhfórais idirnáisiúnta roghnaithe, maidir le hiniúcháireacht phoiblí, san Eoraip agus ar fud an domhain, lena n-áirítear cathaoirleacht Fhochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta INTOSAI agus comhaltas i bhFochoiste um Iniúcháireacht Airgeadais agus Cuntasaíochta INTOSAI.

Fochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta INTOSAI a Óstáil

Is é an Fochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta pobal saineolaithe INTOSAI ar iniúcháireacht feidhmíochta na hearnála poiblí agus tá údarás aige lena n-áirítear caighdeán agus treoirínte maidir le hiniúcháireacht feidhmíochta a fhorbairt. I mí an Mhárta 2023, d'óstáil an Oifig an ceathrú comhdháil bhliantúil déag d'Fhochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta INTOSAI i mBaile Átha Cliath. Pléadh roinnt topaicí tábhachtacha le linn an chruinnithe, lena n-áirítear cothabháil sceidealaithe na gcaighdeán iniúcháireachta feidhmíochta agus téarmaí tagartha an Fhochoiste um Iniúchadh Feidhmíochta. Maidir le téama na comhroinnté eolais, tacaíodh leis le cuir i láthair agus plé i ndáil le hanailísíocht agus léirshamlú sonraí, iniúcháireacht feidhmíochta comhshaoil, athbhreithniú cáilíochta, tionchar tuarascálacha agus tionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta.



Comhaltas den Choiste Teagmhála. Tá an Coiste Teagmhála comhdhéanta de Chinn Uasfhórais Iniúcháireachta AE an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Iniúcháirí na hEorpa.

Public Audit Forum

Breathnóir ar an bhFóram Iniúcháireachta Poiblí. Cruinnítear le chéile leis an bhFóram Iniúcháireachta Poiblí eagraíochtaí iniúcháireachta poiblí uile na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann chun díriú ar smaointeoireacht forbartha i ndáil le hiniúcháireacht phoiblí.



Leanamar de bheith ar an gCoiste Comhairleach um Meastóireacht agus Iniúcháireacht den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI). Sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta atá ann chun tacú le taidhleoireacht agus comhar in earnáil an aeríompair.



Iasacht Bainisteora Iniúcháireachta do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa, a d'oibrigh mar ataisé d'Uachtarán na Cúirte.

Leibhéil foirne

Taispeántar sa tábla an meánlíon ball foirne a bhí fostaithe gach bliain bunaithe


An líon ball foirne	2019	2020	2021	2022	2023
An meánlíon a bhí fostaithe	174	181	174	182	184
An líon uasta údaraithe ball foirne	178	187	192	197	197
Mar % den líon ball foirne	98%	97%	91%	92%	93%
Ráta athraithe foirne i rith na bliana	9%	11%	9%	5%	15%
An líon coibhéiseach ball foirne d'acmhainní eile a fostaíodh					
Baill foirne a fuarthas ar	1	1	7	3	1
Iniúchtaí ar conradh	8	6	10	8	8

Baineann an difríocht idir an líon údaraithe agus an meánlíon a bhí fostaithe i ndáiríre gach bliain leis an aga moille idir dáta imeachta ball foirne agus críochnú na bpróiseas earcaíochta de ghnáth. Léirítear leis an ráta athraithe foirne gach imeacht ball foirne sa bhliain mar chion den mheánlíon a bhí fostaithe.

Seirbhísí ar conradh

Seachfhoinsíonn an Oifig iniúchtaí airgeadais roghnaithe freisin chun cuid den bhuaic i ndáil leis an éileamh ar iniúchadh a chomhlíonadh agus deimhniú tráthúil ráiteas airgeadais a éascú. Tá comhaontú ann le ceardchumainn na mball foirne chun obair iniúcháireachta a sheachfhoinsiú i gcás ocht gcoibhéis fostaí lánaimseartha in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2021 go dtí 2023. Faightear gnólachtaí go hiomaíoch chun an obair sin a dhéanamh.

Faightear cuntasóirí cáilithe ar conradh ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gairide chun bearnaí sealadacha, a thagann chun cinn nuair a imíonn baill foirne bhuana, a líonadh.



Áit Oibre Iontach



Fuaireamar an deimhniú Great Place to Work® arís, agus tá an-áthas orainn gur aithníodh sinn mar cheann de na Best Workplaces™ in Éirinn 2024 (an 36ú hÁit Oibre Mheánmhéide is Fearr) agus ceann de na Best Workplaces™ le haghaidh na mBan in Éirinn 2024.



Áit Oibre Iontach


Le torthaí shuirbhé Great Place to Work® faighimid aiseolas luachmhar maidir leis an gcaoi a mothaíonn daoine faoi bheith ag obair in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Cinntítear leis an aiseolas a fhaightear go leanaimid orainn ag díriú ar ár gcultúr a neartú i gcónaí.

Torthaí Great Place to Work®

Feabhsuithe suntasacha	2023	2022	2021
Tugtar aitheantas do shárfheidhmíocht san eagraíocht seo.	71%	44%	57%
Déanaimid ceiliúradh ar dhaoine a bhaineann triail as bealaí nua níos fearr chun rudaí a dhéanamh, gan beann ar an toradh.	58%	39%	46%
Bíonn an deis ag cách aitheantas speisialta a fháil.	65%	34%	47%

Timpeallacht oibre	2023	2022	2021
Cuireann ár gcuid saoráidí le dea-thimpeallacht oibre.	81%	81%	83%
Tugtar na hacmhainní agus an trealamh dom chun mo phost a dhéanamh.	83%	83%	82%
Tá an t-ionad oibre seo ag obair chun a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú.	88%	83%	53%

Rannpháirteachas agus



Éagsúlacht agus lon-chuimsiú

Caitear go cóir le daoine anseo beag beann ar an méid seo a leanas:

	2023	2022
cine	97%	98%
gnéaschlaonadh	97%	97%
inscne	97%	93%
aois	94%	91%

Cothromaíocht Inscne

Léiríonn an graf an miondealú de réir inscne ar gach príomhghrád san Oifig amhail an 27 Meitheamh 2024*. Tugtar gach ardú céime tar éis próisis iomaíoch.

* Úsáideadh an dáta léargais an 27 Meitheamh 2024 chun ceanglais maidir le tuairisciú faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Alt 20A) (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní) (Leasú), Rialacháin 2024, a chomhlíonadh.

Ar an iomlán tá cóimheas 53:47 fostaithe baineanna is fostaithe fireanna ann. Is é 59:41 an cóimheas fostaithe baineanna is fostaithe fireanna ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta.


Amhail an 27 Meitheamh 2024, bhí 4% de na fostaithe baineanna ag obair faoi chonarthaí uaireanta laghdaithe (postroinnt, saoire thuismitheoireachta, bliain oibre níos giorra, srl.). Bhí 1% de na fostaithe fireanna ag obair faoi chonarthaí uaireanta laghdaithe.

Íoctar gach ball foirne, beag beann ar inscne, de réir scálaí tuarastail incriminteacha le haghaidh gach gráid. Ní thugtar aon íocaíocht bhónais. Má tá aon bhearna phá ann idir na hinscní, baineann sí leis na difríochtaí idir gráid agus fad seirbhíse gach fostaí.

Ar an meán, ar fud na ngrád uile i dtréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 27 Meitheamh 2024, íocadh 1% níos lú in aghaidh na huaire conraithe le fostaithe baineanna le hais fostaithe fireanna. Tá an cás sin sách dearfach i gcomparáid leis na figiúirí is déanaí ó Eurostat maidir leis an mbearna phá idir na hinscní, a thuairiscigh go bhfuair mná íocaíocht a bhí 9.3% níos lú ná an íocaíocht a fuair fir.

Miondealú de réir Inscne

■ Baineann ■ Fireann



53%

“Ar an iomlán tá cóimheas 53:47 fostaithe *baineanna* is fostaithe *fireanna* ann amhail an 27 Meitheamh 2024. Is é 59:41 an cóimheas fostaithe baineanna is fostaithe fireanna ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta.”

Baineann

Fireann



Dhá mhí dhéag go dtí an 27 Meitheamh 2024

	Fireann	Baineann	Iomlán
Uaireanta an chloig	160,762	160,895	321,657
Líon daoine	91	102	193
Tuarastal	€6,053,880	€6,018,117	€12,071,997
Meántuarastal	€66,526	€59,001	€62,549
Meánlíon Uaireanta	1,767	1,577	1,667
Meánráta/Uair an Chloig	€37.65	€37.41	€37

Tá an meánráta in aghaidh na huaire le haghaidh ban 1% níos lú ná an meánráta in aghaidh na huaire le haghaidh fear.


Bearna sa Phá Airmheánach san Uair



Maidir le fostaithe sealadacha, tá an pá airmheánach san uair 1% níos lú do mhná agus tá an meánphá san uair 3% níos lú do mhná.

Tá an t-airmheán i gcás na mban 2% níos lú ná cás na bhfear

Ceathairleanna



Acmhainneacht a Fhorbairt

Is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí uile ar iniúchtaí airgeadais – tá foirne iniúcháireachta comhdhéanta de chuntasóirí cáilithe agus cuntasóirí faoi oiliúint.

Ceapadh ár mbeartais agus nósanna imeachta pearsanra chun a áirithiú go mbíonn foireann leordhóthanach againn, daoine ag a bhfuil an cumas, an inniúlacht agus an tiomantas i dtaca le prionsabail eitice, atá riachtanach chun scrúduithe a dhéanamh agus iniúchtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla. Tugtar tacaíocht airgeadais le haghaidh cúrsaí agus scrúduithe do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí sa chuntasaíocht ghairmiúil. Anuas air sin, glacann ár bhfoireann páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha. Tá sonraí na ngníomhaíochtaí sin leagtha amach sa ghraf ar thaobh na láimhe deise.



Reece Carvin

Tháinig mé chuig an Oifig in 2020 mar iniúcháir faoi oiliúint agus chuir mé na scrúduithe ACCA i gcrích i mí an Mheithimh 2023. Ba thacaíocht ollmhór dom an Oifig le linn mo thurais chun cáilíocht a bhaint amach; tugadh am staidéir solúbtha dom, chomh maith le hoiliúint ag an obair agus tacaíochtaí oideachais. Soláthraíonn an Oifig neart oiliúna agus tá cultúr láidir ullmhachta ann chun cabhrú leis an bhfoireann. Le tacaíocht ón Oifig, bhí mé in ann an marc is airde ar fud an domhain a bhaint amach sna scrúduithe ACCA faoi thrí. Réitigh stádas na hOifige mar Fhostóir Faofa ACCA mo bhealach chun na riachtanais phraiticiúla riachtanacha do mo cháilíocht a bhaint amach.



Monika Niezabitowska


Chuir mé mo chuid cáilíochtaí cuntasaíochta i gcrích in 2023 le ACCA. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha na hOifige, chomh maith leis an tsaoire fhlaithiúil staidéir/scrúdaithe, bhí mé in ann mo chuid scrúduithe cuntasaíochta gairmiúla a chur i gcrích. Chabhraigh an tacaíocht a fuair mé ón Oifig liom mo chuid staidéir a phleanáil timpeall na hoibre agus timpeall ar mo shaol pearsanta/an teaghlaigh. Ina theannta sin, agus mé mar chuid d'fhostóir faofa ACCA, tugadh an deis dom taithí oibre ábhartha a fháil i réimsí éagsúla.




Adrian Butler

Sular tháinig mé chuig an Oifig, bhí an chéad dá bhliain de na scrúduithe curtha i gcrích agam le Cuntasóirí Cairte Éireann. D'imir an taithí a gheobhainn, a bheadh riachtanach chun cáilíocht cuntasaíochta gairmiúla a bhaint amach, tionchar mór orm agus mé ag cinneadh dul ag obair leis an Oifig. Thairbhig mé den oifig a bheith ina fhostóir faofa ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus fuair mé an taithí ábhartha tríd an gconair sholúbtha chuig cáilíocht ACA. Chuir mé na hinniúlachtaí éagsúla i gcrích chun an Dialann CA a chur i gcrích, lena gcoinnítear taifead den taithí oibre ábhartha uile a bhfuil gá léi agus rinne mo Bhainisteoir Iniúcháireachta athbhreithniú uirthi agus shínigh í. Tugadh an tsaoire staidéir a bhí ag teastáil uaim dom chun an bhliain dheireanach scrúduithe a dhéanamh.

Am a thugtar don fhoghlaím agus don fhorbairt



Baill Foirne Nua

2019	2020	2021	2022	2023
33	13	11	30	6
				

“Tugtar tacaíocht airgeadais le haghaidh cúrsaí agus scrúduithe do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí sa chuntasaíocht ghairmiúil.”

Mic léinn ó Ollscoil Luimnigh agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann

Is tionscnaimh iad Clár Oideachais Chomhoibríoch Ollscoil Luimnigh agus Clár Socrúcháin Oibre Choláiste Náisiúnta na hÉireann a dtugaimid tacaíocht dóibh agus a mbainimid tairbhe astu. Tagann roinnt mac léinn chuig an Oifig go ceann tréimhse 8-12 mhí. Tugann sé sin an deis do na mic léinn taithí luachmhar a fháil ag an obair in ionad oibre éagsúil dinimiciúil, fad a chuirtear lena gcuid iarrachtaí acadúla. Leis an léargas a fhaightear ar an obair san ionad oibre, cabhraítear leo an t-eolas agus na hinniúlachtaí atá mar chuid dá gcuid staidéir céime a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

In 2023, ghlacamar le 11 mhac léinn a d'oibrigh inár rannóg iniúchóireachta airgeadais, inár n-aonad cumarsáide, inár rannóg tuairiscithe, agus ár n-aonad anailísíochta sonraí.



Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann

In 2023, lean an Oifig ar aghaidh lena cuid comhair le Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann. Chuireamar fáilte roimh thriúr teicneoirí cuntasaíochta ar chlár printíseachta dhá bhliain lena dtugtar an obair agus an staidéar le chéile.



Aonad anailísíochta sonraí

Tá anailísíocht sonraí ina príomhchuid dár gclár claochlaithe dhigitigh leathan. Leathnaíomar an úsáid a bhainimid as anailísíocht sonraí agus teicneolaíochtaí nua eile chun ár n-éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú.

Chuidigh anailísíocht sonraí le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na



I measc na bpríomh-bhuaicphointí le haghaidh 2023 bhí

Fás ár bhfoirne anailísíochta sonraí
Anailís mhór sonraí – ceistíodh sonraí airgeadais ar luach €38 mbilliún
Rolladh amach foireann uirlisí agus feidhmchláir chun anailísíocht sonraí a leabú inár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais
Soláthar oiliúna in anailísíocht sonraí d'fhoireann na hoifige
Comhar idirnáisiúnta le hUasfhórais Iniúcháireachta maidir le teicnící anailíse sonraí

Anailísíocht Sonraí ag Obair – An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Sa tionscadal bliantúil seo a bhí faoi stiúir an aonaid Anailísíochta Sonraí, rinneadh anailís ar shonraí párolla ar luach €6.3 billiún agus ar shonraí i dtaca le taisteal agus cothabháil ar luach €51 milliún a bhain le breis agus 89,000 fostaí thar 57 gcliant arna bpróiseáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Úsáideann an t-aonad anailísíochta sonraí roinnt uirlisí anailíseacha chun léirshamhlú feabhsaithe agus comhéadain fheabhsaithe a sholáthar chun tacair sonraí a thochailt agus anailísí a chruthú. Le hanailísíocht sonraí, cuirtear ar chumas iniúcháirí plé leis na hidirbhearta ar fad laistigh de dhaonra sonraí chun patrúin agus naisc i méideanna ollmhóra sonraí a fheiceáil go tapa, torthaí a chur i láthair go grafach agus réimsí lena ngabhann ardriosca a aimsiú chun tuilleadh tástáil iniúcháireacht a dhéanamh orthu.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá scileanna, buanna, smaointeoireacht éagsúil agus taithí dhearfach ag ár bhfoireann san Oifig. Inár ráiteas maidir le héagsúlacht, tugaimid gealltanais go gcothóimid timpeallacht oibre dhearfach, áit a dtuigfidh gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad páirteach. Tá ár Ráiteas maidir le hÉagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú le fáil ag www.audit.gov.

Aithnítear inár Ráiteas Straitéise reatha ár gcuspóir leanúnach, is é sin ionad oibre ionchuimsitheach agus éagsúil a bheith againn, áit a léireofar meas ar chearta an duine agus comhionannas daoine.

Feidhmímid faoi bheartais agus nósanna imeachta, lena gcuimsítear na ceanglais reachtacha uile a bhaineann le reachtaíocht maidir le comhionannas, míchumas agus cearta an duine, lena n-áirítear earcaíocht agus cur chun cinn.

Aithnímid freisin tábhacht na hinrochtaineachta dóibh siúd ar mian leo rochtain a fháil ar ár suíomh gréasáin agus tá bogearraí inrochtaineachta againn a ligean do réimse níos leithne daoine ár gcuid ábhair a rochtain ar bhealach lena gcuirtear san áireamh a gcuid riachtanas aonair.

Bród

Bhunaigh ár bhfoireann grúpa Oifige d'fhostaithe LADTA+ agus cairde, darb ainm Bród.

Bunaíodh Bród chun tacaíocht a thabhairt dár gcomhghleacaithe LADTA+ agus cairde, agus chun cultúr méadaithe éagsúil na hOifige a chothú. Is é is aidhm dó cur le cultúr agus timpeallacht na hOifige cur le cláir folláine agus cuidithe fostaithe atá ann cheana agus a bheith páirteach le líonraí idirnáisiúnta agus náisiúnta, sibhialta agus poiblí, eile d'fhostaithe LADTA+.

Tá caidreamh oibre comhoibríoch ag Bród le Spectrum (Líonra LADTA+ de Archwilio Cymru/Audit Wales). D'óstáil Bród imeacht caife agus borróg i mí an Mheithimh 2023 chun ceiliúradh a dhéanamh ar an mórimeacht Bród agus bhain an fhoireann ar fud na hOifige taitneamh as.

Cearta an Duine agus Comhionannas

De réir ráiteas na hOifige maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú, tá gealltanais ann go gcothófar timpeallacht oibre dhearfach, áit a dtuigfidh gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad páirteach. Tá sé d'aidhm ag an Oifig atmaisféar comhionannais, dínite agus measa a chruthú don fhoireann ar fad agus timpeallacht gan aon leithcheal ar aon fhoras a chur chun cinn, lena n-áirítear cine, inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas agus a bheith mar chuid den Lucht Siúil.

Díríonn ár gcuid iarrachtaí maidir le héagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú ar forbairt bhreise a dhéanamh i ndáil le cultúr a spreagtar na fostaithe uile chun a gcuid smaointe, buanna agus paisean a chomhroinnt. Bunaíodh roinnt beartas, nósanna imeachta, tionscnamh agus meithleacha agus fóram, tugadh isteach iad agus cuireadh chun feidhme iad i roinnt mhaith réimsí ar fud na hoifige chun cabhrú linn an gealltanais sin a chomhlíonadh.

Inár Ráiteas Straitéis 2021–2025, thugamar gealltanais foirmiúil measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh, mar fhostóir, na reachtaíochta maidir le cearta an duine. Mar chuid den ghealltanais sin, cuireadh meitheal um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bun. Rinne an mheitheal measúnú ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na hOifige. Mar chuid den mheasúnú sin, lorgaíodh ionchur ón bhfoireann ar fad san Oifig.

Chabhraigh an measúnú linn réimsí le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta a chur in ord tosaíochta, saincheisteanna féideartha maidir le cearta an duine agus comhionannas a d'fhéadfadh a bheith ag an Oifig i gcaitheamh ár gcuid oibre a shainaithint agus beartais agus tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana san Oifig a ailíniú le Dualgas na hEarnála Poiblí.

Ullmhaíodh plean gníomhaíochta i ndiaidh an mheasúnaithe. Ba é an phríomhspríoc a bhí leis an bplean gníomhaíochta dul i ngleic le saincheisteanna féideartha i ndáil le cearta an duine agus comhionannas ach feasacht a mhéadú agus a chinntiú go raibh na struchtúir ábhartha i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann dá mbeadh gá leis sin. Mar chuid den phlean gníomhaíochta, d'eagraigh an mheitheal an méid seo a leanas le linn 2023:

- » Seimineár gréasáin don fhoireann ar fad chun feasacht a mhéadú i ndáil le cearta an duine agus comhionannas, chomh maith leis na tacaíochtaí agus foireann uirlisí atá ar fáil.
- » Cuireadh cúrsaí ríomhfhoghlama ar líne, maidir le cearta an duine agus comhionannas agus dualgas na hearnála poiblí, chun cinn go gníomhach.
- » I gcomhpháirt le Bród (ár ngrúpa d'fhostaithe LADTA+ agus cairde), óstáladh lón bróid agus ceardlann fhíorúil i dtaobh feasacht faoi LADTA+.
- » Seoladh míreanna ar inlíon na hOifige ó bhail foirne ag a bhfuil cúlraí agus cultúir éagsúla, a phléann a gcuid taithí ar bheith ag obair san Oifig.
- » Cuireadh san áireamh píosaí faisnéise le haghaidh na foirne maidir le beartais, nósanna imeachta, tionscnaimh, meithleacha agus fóraim a bunaíodh, a chabhródh leo i dtaobh saincheisteanna, maidir le cearta an duine agus comhionannas, a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a gcuid oibre.

Gradaim Aitheantais d'Fhostaithe

In 2023, thug an Oifig isteach beartas maidir le haitheantas d'fhostaithe chun timpeallacht a chothú ina mothódh an fhoireann ar fad go bhfuil meas orthu as a gcuid rannchuidithe; ina spreagfaí agus ina gcuirfí chun cinn iompar lena léireofaí ár gcroíluachanna agus ina dtabharfaí cuidiú chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach; ina spreagfaí, ina n-aithneofaí agus ina gcúiteofaí iompar den scoth agus ina ndéanfaí ceiliúradh ar ár gcuid ratha; agus ina gcuirfí le timpeallacht oibre thairbheach fhiúntach.

Áirítear sa bheartas trí bhealach ar féidir leis an bhfoireann aitheantas foirmiúil a fháil as a gcuid gnóthachtálacha. Seoladh dhá cheann de na cláir sin, an rolla onóra agus gradaim RÉALT in 2023. Seolfar an tríú ceann, clár gradam bliantúil, in 2024.

Gradaim RÉALT

Díríonn clár na ngradam RÉALT ar aitheantas tráthúil ábhartha follasach a thabhairt as iompar agus feidhmíocht shuntasach lena léirítear go comhsheasmhach ár gcroíluachanna. Is gnách go mbaineann duais neamhairgeadaíochta leis na gradaim sin, chomh maith le mír chomhghairdis ar Inlíon na hOifige lena dtugtar eolas maidir leis an dóigh ar tuilleadh an gradam. In 2023, fuair 17 nduine agus 8 bhfoireann gradaim RÉALT.



Rolla onóra

Is éard atá sa Rolla Onóra spás ar inlíon na hOifige atá tiomnaithe d'aitheantas a thabhairt dár bhfoireann as a gcuid éachtaí acadúla. In 2023, thugamar aitheantas do bhaill foirne a rinne scrúduithe cuntasáíochta gairmiúla, Máistreacht le hEolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Beartais, Máistreacht le hEolaíocht in Anailísíocht Sonraí, dioplóma sa chibearshlándáil, agus modúil i gcúrsa ar an nGaeilge ghairmiúil de *Theastas Eorpach na Gaeilge*.

Freagrachtaí Corparáideacha agus Rannpháirtíocht

Gníomhú ar son na hAeráide



Tá treochlár forbartha ag an Oifig lena dtugtar breac-chuntas ar a straitéisí chun a cuid spriocanna riachtanacha, i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh, a bhaint amach agus chun gníomhaíochtaí, a cheanglaítear faoin Sainordú don Earnáil Phoiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, a chur chun feidhme. Tugtar breac-chuntas leis an treochlár ar na gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag an Oifig go dtí seo agus leagtar amach an bealach a bhfuilimid ag iarraidh ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Tá cóip den treochlár le fáil [anseo](#).

Laghdú ar Astaíochtaí

Ceanglaítear ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí feabhas 50% a bhaint amach i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú 51% ar astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (neamhleictreachas) agus laghdú 51% ar iomlán foriomlán na n-astaíochtaí faoi 2030.

Faoi dheireadh 2023, bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Oifig i ndáil le comhlíonadh na spriocanna sin.

	Sprioclaghdú	Laghdú iarbhir
Éifeachtúlacht fuinnimh	50%	66%
Astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (neamhleictreachas)	51%	56%
Iomlán foriomlán na n-astaíochtaí	51%	46%



Rannpháirtíocht na foirne

Bhunaigh an Oifig Foireann Ghlas mar a cheanglaítear faoin Sainordú don Earnáil Phoiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide chun inbhuanaitheacht san Oifig a spreagadh. Chruthaigh an Oifig meitheal foirne maidir le gníomhú ar son na haeráide freisin, arb é an ról atá aici feachtas maidir leis an gcomhshaol a mhéadú agus tionscnaimh coigilteach ar fhuinneamh a chur chun cinn.

Faigheann an fhoireann míreanna rialta ón inlín agus ríomhphoist lena gcuirtear béim ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus leideanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Forbraíodh ceardlann fuinnimh ar líne agus cuireadh ar fáil don fhoireann iomlán í i R4 2023.

Taisteal Gnó

Tugann an Oifig tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann gach bliain, ina mbíonn miondealú ar an taisteal gnó arna thabhtú sa bhliain féilire de réir cineál iompair. Tabhaíonn an fhoireann taisteal gnó intíre go rialta agus iad ag freastal ar oifigí comhlachtaí poiblí le haghaidh gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Déanann baill foirne taisteal idirnáisiúnta anois agus arís le haghaidh gníomhaíochta a bhaineann leis an obair.

In 2023, chomhlíon an Oifig Ciorclán 01/2020: Nósanna imeachta chun astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh. Rinne an Oifig amach luach a cuid astaíochtaí ó aerthaisteal oifigiúil a rinneadh sa bhliain agus d'íoc an méid sin leis an gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide.

Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Rinne an Oifig na gníomhaíochtaí seo a leanas in 2023 i ndáil le saothrú spriocanna na hOifige i ndáil le gníomhú ar son na haeráide

- coimisiúnaíodh iniúchadh fuinnimh chun an áit, an uair agus an chaoi a n-ídiann an Oifig fuinneamh a shainaithint chun spriocdhírú ar ghníomhaíochtaí laghdaithe
- cláraíodh le feachtas “Úsáid Níos Lú” atá faoi bhainistíocht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- glacadh páirt i gclár luathaithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ina raibh ceardlanna/máistir-ranganna maidir le pleanáil, forfheidhmiú agus cothú cláir rannpháirtíochta foirne
- forbraíodh córas bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil
- tugadh isteach cleachtas “plugáil amach” lena ndíphlugálann an fhoireann saoráidí gach gléas sna limistéir plean oscailte roimh gach deireadh seachtaine
- cuireadh chun feidhme treoir ón rialtas maidir le socruithe teochta laghdaithe agus tréimhsí téimh giorraithe i bhfoirgneamh na hearnála poiblí.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Thosaigh feidhm Scéim Gaeilge na hOifige, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, i mí an Mhárta 2018 agus tá sé le fáil ar www.audit.gov.ie/ga. De réir mar a léirítear i bhforálacha an Achta, ceanglaítear leis an scéim foilsíú comhuaineach doiciméad áirithe i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an Oifig tiomanta d'fhoilsiú na spriocdhoiciméad ar fad go comhuaineach.

In 2023, foilsíodh gach foilseachán corparáideach go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

De thoradh an achair ama reachtúil dhocht nach mór na hiniúchtaí ar chuntais leithreasa a dhéanamh laistigh de, bhí sé dúshlánach na cuntais deimhnithe agus aon tuarascáil maidir le hábhair a d'eascair as na hiniúchtaí sin a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga.

Bhí 44 as na 45 cuntas leithreasa le haghaidh 2022 a foilsíodh ar an 29 Meán Fómhair 2023 le fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar an lá foilsithe céanna, agus bhí na 45 cuntas ar fad foilsithe i nGaeilge faoi cheann seachtaine. Foilsíodh 25 caibidil i dTuarascáil 2022 ar Chuntas na Seirbhísí Poiblí i mBéarla ar an 29 Meán Fómhair 2023; bhí cúig cinn acu ar fáil i nGaeilge, agus bhí na caibidlí eile foilsithe i nGaeilge faoin 25 Deireadh Fómhair 2023.

Nochtuithe

Is duine forordaithe faoin reachtaíocht maidir le nochtuithe cosanta é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. Is féidir aon nochtadh maidir le haon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí as cistí poiblí agus acmhainní poiblí, nó a bhaineann le luach ar airgead i ndáil le heintitis a thagann faoina raon feidhme, a chur faoi bhráid na hOifige.

Is féidir treoir maidir leis an gcaoi chun nochtadh cosanta a dhéanamh a fháil ar ár suíomh gréasáin www.audit.gov.ie/ga.

Is féidir Tuarascáil na hOifige maidir le nochtuithe cosanta don tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023 a fháil ar ár suíomh gréasáin anseo.

Íocaíochtaí Prasa

Cloíonn an Oifig leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Foilsítear ár dTuairisceáin Íocaíochta Pras ar ár suíomh gréasáin ar bhonn ráithiúil anseo.

Tuarascáil Feidhmíochta



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

2025
2024
2023
2022
2021
2020